Siamsán sa mBaile!

Modh Taistil déanta de Lego

Tá an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil. 'Taisteal' téama na seachtaine seo!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Treoracha: Déan modh taistil as Lego.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 28 Bealtaine mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go **n-éirí libh!**

An Duais: Deis ar dhearbhán dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Modh Taistil Lego

Ag úsáid do chuid lego, cruthaigh modh taistil.

1. Roghnaigh modh taistil – rud ar bith, carr, rothar, eitleán, bus, traen, bád srl
2. Ní mór don mhodh taistil seo bheith in ann fear nó bean lego a thabhairt ar thuras.
3. Ní mór na rudaí seo a leanas a bheith ann freisin: roth amháin (nó roth stiúrtha), fuinneog & doras.

Ainm an pháiste:	
Aois:	
Ainm an tuismitheora:	
Seoladh baile:	
Seoladh ríomhphoist:	

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Thuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsiú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scriosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.

Tuismitheoirí na Gaeltachta

Tuairisc.ie

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta